

Óráid leis an tUas. Simon Coveney, T.D.

An tAire um Thithíocht, Pleanáil, Pobal agus Rialtas Áitiúil

Seoladh an Fheachtas Bí Ullamh don Gheimhreadh

- Tá an-áthas orm a bheith anseo inniu in éineacht le mo chomhghleacaithe, an tUas. Shane Ross, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tUas. Sean Canney, an tAire Stáit um Oifig na n-Oibreacha Poiblí agus Faoiseamh ó Thuilte agus an tUas. Paul Kehoe, Aire Stáit sa Roinn Cosanta agus ról a bheith agam san fheachtas Bí Ullamh don Gheimhreadh, arb í an bhliain seo an séú bliain de.
- Táim rannpháirteach san fheachtas le 5 bliana anuas agus é mé i mbun an phoist a bhí agam roimhe seo mar an Aire Cosanta agus tá an-áthas orm an fhorbairt agus an fás atá ag tagtha ar an bhfeachtas i gcaitheamh na mblianta a thabhairt faoi deara.
- Is í aidhm an fheachtais ná comhairle a chur ar dhaoine aonair, phobail, agus ghnóthais chun gur féidir leo ullmhú don gheimhreadh atá le teacht.
- Cé go bhfuilim cinnte gur cuimhin linn go léir an dá thréimhse d'aimsir an-fhuar i 2010, ba iad na tréithe a bhí ag baint leis na héigeandálaí aimsire crua deireanacha ná gaoth agus báisteach, agus ag deireadh

2013/tús 2014 sraith de stoirmeacha Atlantacha a lean ar aghaidh ar feadh nach mór 2 mhí.

- An geimhreadh seo caite bhí báisteach gan stad againn, agus níos mó stoirmeacha Atlantacha a bhí freagrach as na tuilte ba mheasa le fada an lá.
- Bhí an méid báistí a thit le linn na tréimhse sin dhá oiread níos airde ná an gnáthmhéid, rud a chiallaigh gurbh é an geimhreadh ba fhliche a taifeadadh riamh.
- Bhí Samhain 2015 an-fhliuch ar fad agus ag tús mhí na Nollag bhí an lár tíre agus iarthar na tíre buailte ag Stoirm Desmond.
- Nuair a tháinig Stoirm Frank ag deireadh mhí na Nollag ba í an t-Oirdheisceart a chuaigh faoi uisce.
- Chonacthas an tionchar ba shoiléire, ba mheasa agus ba thubaistí a bhí ag na tuilte i measc na sealbhóirí tí, na ngnóthas agus na bhfeirmeacha ar buaileadh a gcuid tithe agus réadmhaoine ag uisce tuile.
- I go leor cásanna bhí na tuilte ina gcúis le cruatan millteanach agus iallach curtha ar theaghlaigh imeacht óna dtithe agus i roinnt cásanna ní raibh siad in ann filleadh orthu ar feadh roinnt míonna.
- Cúis áirithe go raibh an tionchar an-trom ná gur tharla na tuilte le linn na Nollag agus in áit bheith ag cur fúthu chun taitneamh a bhaint as

na laethanta saoire, bhí teaghlaigh agus lucht gnó ag troid go crua chun a gcuid tithe agus gnóthas a shábháil ó uisce tuile a bhí ag ardú.

- Ba iad na contaetha ba mhó a buaileadh ná Corcaigh, Maigh Eo, Gaillimh agus Ros Comáin.
- I dteannta leis na tithe agus na gnóthais a buaileadh go díreach ag na huiscí tuile, sáinníodh go leor eile toisc go ndeachaigh bóithre faoi uisce.
- Cuireadh isteach go mór ar an t-uafás sealbhóirí tí ó thaobh taistil chuig scoileanna agus ionaid oibre.
- I go leor áiteanna, bhí deacrachtaí ag daoine scothaosta agus leochaileacha ó thaobh rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha.
- Agus iad ag tógáil san áireamh an taithí ó na blianta roimhe agus na ceachtanna a foghlaimíodh, tá an rialtas láir agus áitiúil araon réidh le freagairt ar imeachtaí aimsire crua agus le hoibriú go tapa agus chun go mbeadh an tsochaí ag feidhmiú mar is gnách arís.
- Is é mo Roinn féin ar sannadh ról an Treoir-Roinn Rialtais uirthi le haghaidh na freagartha ar imeachtaí aimsire crua agus glacann sí cúram as an nGrúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí a thionól agus as ceannas a dhéanamh air; sa Ghrúpa sin tógtar le chéile an Rialtas go léir, nuair a tharlaíonn aimsir chrua, tuilte nó imeachtaí eile den sórt sin.

- An geimhreadh seo caite, thionóil mo Roinn Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí le haghaidh Aimsire Crua agus muid ag súil le stoirm Desmond ar an 3 Nollaig.
- Bhí cruinnithe laethúla ag an Rialtas go dtí gur thosaigh na huiscí tuile ag cúlú i lár mhí Eanáir 2016, agus freagairt “uile-Rialtais” á cur i bhfeidhm chun déileáil leis an ngéarchéim sin.
- Ar leibhéal áitiúil, tá cuid mhór forbartha déanta ar shocruithe don fhreagairt ar imeachtaí éigeandála le deich mbliana anuas in Éirinn, agus muid ag foghlaim ó gach imeacht.
- Sa cháipéis ó 2006, Creat um Bainistiú Móréigeandálaí, leagtar amach socruithe trína n-oibríonn na trí Phríomghníomhaireacht Fhreagartha, an Garda Síochána, an FSS agus údaráis áitiúla, as lámh a chéile agus le hÓglaigh na hÉireann agus leis na hearnálacha Deonacha agus Pobail chun freagairt ar éigeandálaí.
- Déantar foráil sa Chreat gurb iad na hÚdaráis Áitiúla na treoir-ranna maidir leis an bhfreagairt ar imeachtaí aimsire cruha a chomhordú agus ceanglaítear ar gach Údarás Áitiúil forálacha a chuimsiú le haghaidh aimsire cruha ina gcuid Pleananna Móréigendálaí.
- I rith imeachtaí aimsire cruha deireanacha, a raibh ina measc na tuilte an geimhreadh seo caite, baineadh úsáid go fairsing as na struchtúir agus nósanna imeachta comhordaithe sna pleananna sin agus ina measc bhí cur i ngníomh Ghrúpaí Comhordaithe Áitiúla agus Foirne inmheánacha um Bainistíocht Ghéarchéime.

- Tríd na Grúpaí Comhordaithe Áitiúla a chur i ngníomh go luath is féidir cinntí a dhéanamh go tapa nuair a thosaíonn aimsir chrua.
- I rith na n-imeachtaí aimsire crua sin le déanaí, bhí go leor Grúpaí Comhordaithe Áitiúla in ann fadhbanna a thuar agus gníomh cuí a ghlacadh ag céim an-luath.
- Cé gur ar leibhéal áitiúil ar an gcéad dul síos a dhéantar an fhreagairt a chomhordú agus a bhainistiú, mar a bhí amhlaidh an geimhreadh seo caite, is féidir le mo Roinn, gan ach fógra gairid a thabhairt, Grúpa Náisiúnta Comhordaithe Éigeandálaí le haghaidh Aimsire Troime a thionól chun cabhrú leis an bhfreagairt áitiúil, i gcás go mbeadh sí ag teastáil.
- Inné, chuir mo Roinn Tuarascáil Athbhreithnithe mhór ar an bhfreagairt ar na tuilte an geimhreadh seo caite os comhair an Rialtais.
- Sa Tuarascáil sin cuirtear síos ar thréithe meitéareolaíochá agus hidreolaíochá na tréimhse agus déantar athbhreithniú ar thionchar na stoirmeacha ar na pobail a bhí buailte acu.
- Cuirtear síos ar ullmhacht agus fhreagairt na nGníomhaireachtaí Stáit maidir leis na himeachtaí aimsire crua agus tugtar sonraí ar na bearta aisghabhála a ghlac an Rialtas chun déileáil le toradh na dtuilte.

- Agus an fhreagairt á scrúdú, tagtar ar an gconclúid sa Tuarascáil gur éirigh leis an tsamhail Treoir-Roinne ó thaobh an éigeandáil sin a bhainistiú ar leibhéal áitiúil.
- Meastar gur éirigh go maith, ar leibhéal áitiúil, leis na prótacail um aimsir chrua a bhí i bhfeidhm sna Príomhghníomhaireachtaí Freagartha go léir, agus a dtacaíonn an Creat um Bainistiú Móréigeandálaí leo.
- D'ainneoin éifeachtacht na freagartha, moltar sa Tuarascáil go ndéanfaí athbhreithniú ar an gCreat, atá i bhfeidhm le deich mbliana anuas, chun níos mó feabhais a chur ar chomhar idirghníomhaireachta i ngníomhaíochtaí a bhaineann le freagairt éigeandála.
- Mar chuid den athbhreithniú sin, tógfar san áireamh ach go háirithe ról na hearnála pobail agus deonaí ó thaobh teacht aniar a chothú i gcás móréigeandálaí.
- D'fhoghlaimíomar go mbíonn leibhéal ullmhachta agus teacht aniar gnáthdhaoine ag croílár freagartha éifeachtaigh ar aon éigeandáil a bhaineann leis an aimsir.
- I rith na dtuillte, d'oibrigh pobail agus daoine aonair as lámh a chéile leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha, agus léirigh siad teacht aniar agus seiftiúlacht as cuimse chun an iarracht fhreagartha a threisiú.

- Bhí ról ag na comhiarrachtaí sin i ndéanamh cinnte gur buaileadh níos lú tithe agus gnóthais ag uisce an geimhreadh seo caite ná mar a buaileadh i rith na dtuillte troma a bhí againn roimhe sin i 2009, d'ainneoin go raibh na huiscí tuile níos airde i go leor áiteanna.
- Tá ról lárnach ag an bhFeachtas Bí Ullamh don Gheimhreadh i dtacú leis an teacht aniar sin i measc pobal.
- Ina theannta sin, tá raon grúpaí pobail agus deonacha ann a chabhraíonn go mór leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha chomh maith leo siúd a mbíonn gá acu leo.
- Is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair an dá Phríomhghníomhaireacht Fhreagartha mar gheall ar a dtiomantas chun seirbhísí riachtanacha a choimeád le linn imeachtaí aimsire crua deireanacha agus do na saorálaithe agus na grúpaí pobail a chabhraigh leo.
- Ní féidir an iomarca béime a chur ar thábhacht an chomhair sin agus cabhraíonn sé le déanamh cinnte go dtugtar tacaíocht do chách, go háirithe daoine scothaosta agus leochaileacha.

Conclúid:

- Táimid díreach tar éis cruinniú de Thascfhórsa an Rialtais ar Phleanáil Éigeandála a thabhairt chun críche; le linn an chruinnithe sin sin pléadh ullmhacht don gheimhreadh agus tugadh faisnéis chuimsitheach lena linn ó na Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais go léir.

- Tá an feachtas seo á sheoladh i dteannta a chéile againn chun béim a leagan ar an gcur chuige ‘uile-Rialtais’ atá i bhfeidhm.
- Sa Leabhrán ‘Bí Ullamh don Gheimhreadh’ sna bileoga agus ar an láithreán gréasáin tugtar eolas do shealbhóirí tí faoi bheith ullamh agus cuirtear comhairle phraiticiúil ar fáil maidir le déileáil le haimsir chrua.
- Tá an phríomhtheachtaireacht simplí bí ullamh, coimeád slán, bíodh a fhios agat cá háit ar féidir leat cabhair a fháil má tá sí ag teastáil uait.

Go raibh maith agaibh.